

❖ An Lúibín ❖

25 Samhain 2017

Easpa agus saibhriú

Tá trácht le léamh agus le cloisteáil fós ar an ‘géarchéim’ i scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn maidir le ganntanas múinteoirí. Deir an Foras Pátrúnachta, an pátrún is mó ar scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn (agus breis is seachtó gaelscoil faoina scáth), go bhfuil sé thar a bheith deacair múinteoirí ionadaíochta agus lán-aimseartha a fháil.

Deirtear go dtéann líon mór múinteoirí ag obair sa Mheán-Oirthear, áit a bhfuil pá mór le fáil acu agus é saor ó cháin, agus sin gan trácht ar a bhfuil de mhúinteoirí ag glacadh sos gairme. In agallamh ar Raidió na Gaeltachta le déanaí rinne Caoimhín Ó hEaghra, Ard-Rúnaí Fhoras na Pátrúnachta, tagairt do mhic léinn atá ag teacht amach as na coláistí agus ag dul thar lear go dtí Dubaí agus go dtí Abu Dhabi. Is airde go mór an pá a gheofa thall, go háirithe agus costas maireachtála chomh mór sin sa bhaile.

Dá ainneoin sin, tá scéala eile ann. Tá an Foras Pátrúnachta chun daltaí sna naíonáin i roinnt gaelscoileanna a chur ag foghlaim ábhair i dteanga eile (seachas Béarla nó Gaeilge). Tá sé maíte ag Caoimhín Ó hEaghra gur fusa do dhaltaí i scoileanna dátheangacha an tríú nó an ceathrú teanga a fhoghlaim, de réir an taighde atá déanta. Beidh sé de thoradh ar an mBreatimeacht go mbeidh gá le hoibrithe ilteangacha. Tá taithí ag na gaelscoileanna ar an tumoideachas agus iad ullamh dá bharr chun teanga eile a thabhairt isteach.

Cibé deacrachtaí atá ag na scoileanna lán-Ghaeilge i ngeall ar ghanntanas múinteoirí, tá sé soiléir go bhfuil siad i gcumas buntáistí a roinnt nach bhfaighfeá ó scoileanna lán-Bhéarla. Tá na gaelscoileanna claonta chun na hEorpa agus chun na héagsúlachta. Is beag an t-iontas, mar sin, go ndéarfadh daoine éigin go mbaineann siad le scothaicme – dream a bhfuil a leas rompu díreach de bharr na mbuntáistí a bhaineann le máistreacht ar theangacha. Ní foláir an caighdeán oideachais a chur san áireamh freisin. De réir an eolais is déanaí ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, bhí céim tríú leibhéal ag 49% de chainteoirí laethúla Gaeilge sa bhliain 2016. Ní raibh a leithéid ach ag 28.5% den phobal i gcoitinne.

Léiríonn na figiúirí rud eile ar fiú machnamh a dhéanamh air. Ní labhraíonn ach 7.8% de mhúinteoirí bunscoile agus naiscoile an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den scoil. Labhraíonn 4.4% de mhúinteoirí bunscoile agus naiscoile an Ghaeilge go seachtainiúil lasmuigh den scoil. Is dócha go bhfuil roinnt eile ann atá líofa go leor, ach ní dóichí rud de ná go rachadh sé rite le formhór mór mhúinteoirí na hÉireann comhrá a dhéanamh i dteanga ar bith ach Béarla – agus orthu sin bheadh mórán atá ag múineadh Gaeilge. Ní fhuasclóidh teagasc níos éifeachtaí sna coláistí oiliúna an fhadhb seo. Tá sé in am súil sceiptiúil fhuarchúiseach a chaitheamh ar stádas na Gaeilge sna scoileanna lán-Bhéarla.



Séamas Goodman ar líne

Duine de bhailitheoirí móra na hÉireann sa 19ú haois ba ea Séamas Goodman (1828-1896). Bhí Gaeilge ar a dtoil aige féin agus ag a mhuintir, agus ba bheag an mhoill air ceol píbe agus amhráin a chruinniú. Tá an ceol úd ar fáil le tamall de bhlianta, ach síleadh ar feadh i bhfad go raibh raibh focail na n-amhrán caillte. Tá siad faighte agus foilsithe anois agus tá ár mbuóchas tuillte ag an Dr Miriam Uí Dhonnabháin dá bharr. Ceoltóir is ea Miriam féin, rud a chabhraigh go mór leis an obair. Tá cuid de thoradh na hoibre sin le fáil anseo:

<http://amhraingoodman.com>

Rugadh Séamas i mBaile Áimín in aice le Fionntrá i gContae Chiarraí. Chaith sé an chuid is mó dá shaol mar mhinistir de chuid Eaglais na hÉireann i bparóistí in iarthar Chorcaí – sa Chraobhach (láimh leis An Sciobairín),

in Dhá Dhrom i mBéarra, agus i Mainistir na Sruthrach mar reachtaire agus mar chanóin. (Ceapadh é mar Dhéan Rois freisin.) Chaith sé tamall i gColáiste na Tríonóide ina mhac léinn agus i bhfad ina dhiaidh sin ina Ollamh le Gaeilge.

Thosaigh Séamus ag bailiú amhrán agus ceoil sula raibh sé fiche bliain d'aois. Bhí cáil na Gaeilge air ina cheantar féin agus é óg, más fíor, agus choimeádadh sé ceoltóirí ar aíocht aige in iarthar Chorcaí ar son a gcuid fonn. Tá iomann dá gcuid in *An Duanaire Diadha, a selection of psalms and hymns for the use of Irish speaking congregations*, a foilsíodh sa bhliain 1854. Ba mhaith an fliúiteadóir é agus é óg, agus in aois a dheich mbliana is fiche thosaigh sé ar an bpíob uilleann. Thagadh daoine ar cuairt chuige agus é ina Ollamh i gColáiste na Tríonóide chun éisteacht lena chuid píobaireachta. Bhí sé pósta ar Charlotte King, deirfiúr le ministir eile, agus bhí triúr mac acu.

Foilsíodh *Tunes of the Munster Pipers* in dhá imleabhar (Hugh Shields, iml. 1, 1998 agus Lisa Shields, iml. 2, 2013) agus tá timpeall dhá chéad fonn amhránaíochta sna lámhscríbhinní freisin, ach ní raibh a fhios ag aon duine cá raibh na focail nó gur tháinig duine de muintir Goodman ar lámhscríbhinn eile i Sasana sa bhliain 2006 agus 1857 breactha ar a clúdach. Tá foinn ag gabháil leis an gcuid is mó de na téacsanna atá inti.

Bhí eolas ag Miriam cheana ar shaothar Goodman agus sa bhliain 2007 thug muintir Goodman cóip den lámhscríbhinn úd di. Tá mórán taighde agus iniúchadh déanta aici ar na téacsanna ó shin.

Is éard atá ar an suíomh faoi láthair fiche téacs le haistriúcháin agus nótaí. De réir a chéile foilseofar trí théacs is ochtó eile, in éineacht le roinnt gearrthóga fuaimne.

Is a dhalta is a mhaoinigh, tar taobh liom oíche éigin
Is nuair a luífidh ár muintir beam¹ ag caint le chéile
Do lámh dheas faoi mo cheannsa 's mé ag deimhniú gach scéal duit
Is gurb é do dhianghrá a mheall mé is a bhain radharc aingil Dé díom



An tAthair Peadar Ua Laoghaire mar a bhí

An fhaid a bhíos-sa sa bhaile agus gan taithíge ná eólus agam ach ar na cómharsain a bhí am' thimpal i bparóiste Chluandrochad agus i bparóiste Bhaile Mhúirne, níor tháinig lá d'á chuimhneamh riamh chúgham go raibh aon bhaoghal ar an nGaeluinn. Ach nuair a chuas isteach sa Choláisde agus chuireas aithne ar bhuachaillíbh a tógadh i n-áiteanaibh eile, agus nuair a fuaras ná raibh aon fhocal Gaeluinne acu, bhí iongnadh agus alltacht orm. Ansan iseadh do buaileadh isteach am' aigne go raibh an Ghaeluinn ag imtheacht; go mbéadh sí ag imtheacht fé mar a bhéadh na seandaoine ag imtheacht agus na daoine óga ag teacht; go n-eireóchadh sliocht agus an dá theanga acu, Gaeluinn agus Béarla i n-aonfheacht; ansan go n-eireóchadh sliocht i ndiaigh an tsleachta san, agus gan aon fhocal Gaeluinne acu.

Sin an tAthair Peadar in *Mo Scéal Féin*, leagan de chuid Wikisource.org a choinnigh an seanlitriú. Tá daoine ann nár léigh an tAthair Peadar riamh i litriú ar bith agus daoine eile atá sáite fós ann. Níl sé ina dhia beag mar a bhí, ach tá fiúntas le fáil ina dhírbeathaisnéis i gcónaí, fiú mura mbeadh i gceist ach an méid a sceitheann sé (dá bhuíochas féin go minic) faoina mheon, faoina aigne agus faoi shaol a linne.

Níor dhrochscríbhneoir é an tAthair Peadar agus é ar a bhuaic. *Séadna* agus *Mo Scéal Féin* na saothair is fearr óna láimh. Ní déarfá gur stíl ghonta theann atá aige ach tá fuinneamh agus saibhreas sa Ghaeilge is fearr dá chuid.

Féach:

https://wikisource.org/wiki/Mo_Sg%C3%A9al_F%C3%A9in/20

¹ Beam = beimid

Tá Mairéad Uí Lionaird le cloisteáil ag léamh an téacs (a bhuíochas sin ar corkirish.wordpress.com):

<https://archive.org/details/MoSgealFein/MsfChapter1> agus ar aghaidh.



An Séala

Cáilíocht ghairmiúil Ghaeilge an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí. Shocraigh Foras na Gaeilge é sa bhliain 2006 agus tá sé faighte anois ag 194 duine. Cáilíocht fhóna í a bhfuil éileamh uirthi ag eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Foilsíonn Foras na Gaeilge ainm agus sonraí teagmhála gach duine a ghnóthaíonn an Séala agus is ón liosta sin a earcaítear an chuid is mó de na haistritheoirí Gaeilge.

Tá scrúdú le déanamh. Sa chéad pháipéar caithfidh tú téacs i mBéarla a bhaineann le gnóthaí riaracháin nó stáit a aistriú go Gaeilge, téacs faisnéiseach a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge agus deich gcomharthaí phoiblí a aistriú go Gaeilge. Sa dara páipéar caithfidh tú deich gcinn d'abairtí Béarla a aistriú go Gaeilge, sliocht as saothar próis liteartha a aistriú go Gaeilge, agus téacs cumarsáideach nó faisnéiseach a aistriú ó Ghaeilge go Béarla.

Nuair a chuimhnimid ar a bhfuil de dhroch-Ghaeilge le feiceáil go poiblí in Éirinn (agus cuid den locht ar Google Translate), tá an-tábhacht le haistritheoirí an-phroifisiúnta – daoine nach bhfágfaidh smál ar chlú na teanga. Seachnaíonn an chuid is fearr acu léamh lom ró-litriúil ar an mbuntéacs agus cloíonn leis an mbunbhrí; cuimhníonn siad nach ionann aithris agus cur in iúl. Is gearr go mbeidh babhta nua scrúduithe ann agus roinnt Gaeilgeoirí ag dul sa seans. Go n-éirí a ndua leo.



Aip ríomhaireachta

Ní gá a bheith ag brath ar an ríomhaire amháin chun teacht ar leaganacha digitithe d'fhoclóirí Uí Dhónaill, de Bhaldráithe agus *An Foclóir Beag* (foclóir Gaeilge-Gaeilge) Tá aip ann anois ó Fhoras na Gaeilge agus í saor in aisce. *Teanglann* a thugtar uirthi agus baint aige leis an suíomh www.teanglann.ie, atá ann ón mbliain 2013 i leith.

Tá áiseanna breise ag baint leis an aip leis. Tig leat réiltín a chur leis na hiontrálacha is fearr leat chun iad a shábháil, coinnítear liosta de na cuardaigh is déanaí a rinne tú, agus is féidir tapáil faoi dhó ar aon fhocal in iontráil chun an focal sin a chuardach.

"Ní amháin gur féidir cuardach i bhfad níos éifeachtaí a dhéanamh sna foclóirí leictreonacha, ach is féidir gnéithe breise ar nós comhaid ghramadaí agus fuaime a chur leo.

Is féidir an aip a íoslódáil:-

● ón App Store (<https://itunes.apple.com/ie/app/teanglann/id1152438808?ls=1&mt=8>) nó

● ón Play Store (<https://play.google.com/store/apps/details?id=com.idmgroup.fng.retro>)

Ina dhiaidh sin tig leat na foclóirí agus na bunachair ghramadaí agus foghraíochta a íoslódáil ceann ar cheann.



Maenmar/Burma: brú na staire

Níl deireadh fós leis an lámh láidir i mBurma/Maenmar, agus is léir go bhfuil cead raide i gcónaí ag na fórsaí armtha maidir leis na Rohingya (na Muslamaigh atá ina gcónaí i stát na Racáine nó *Rakhine*) – dóiteán, éigniú, ruaigeadh. Is léir freisin go bhfuil cuid mhaith de na Búdaithe ag taobhú le beartas smachtaithe. Chun é sin a thuiscint, ní foláir súil a chaitheamh siar ar chúrsaí staire.

Stát ar chósta thiar Mhaenmar is ea an Racáin. Is iad na hAracánaigh an pobal is líonmhaire atá ann – dream a bhfuil gaol acu leis na Bamair, príomhphobail na tíre. Búdaithe is ea hAracánaigh, ar nós na mBamar, ach tá mionlach Muslamach ina measc: na Rohingya. Níl aon amhras ná go bhfuil Muslamaigh de shliocht Indiach le fáil i ríocht Bhurma leis na céadta bliain. Ach tháinig cuid mhór eile isteach sa 19ú haois, nuair a bhí an tír faoi smacht ag an mBreatain agus daoine ón bhfo-ilchríoch Indiach á dtabhairt anall chun dul ag obair sna plandálacha. Faoin mbliain 1927 bhí 480,000 tagtha i measc daonra iomlán de 13 milliún duine. Faoin am sin bhí tábhacht mhór le Burmaigh de shliocht Indiach mar dhaoine gairmiúla, mar cheannaithe agus mar airgeadaithe. (Ní foláir a chuimhneamh nach raibh an Phacastáin ná an Bhanglaidéis scartha ón India ag an am.) I mblianta bochta na dtríochaidí loic mórán feirmeoirí a raibh fiacha ag iasachtóirí Indiacha orthu, i dtreo go ndearnadh tiarnaí móra talún de na hiasachtóirí céanna.

Ní cúis iontais é gur tháinig náisiúnachas ciníoch de seo. Bhí círéibeacha ar siúl i gcoinne Indiach nó Muslamach sna fichidí agus tríochaidí, cé nár thit siad amach sa Racáin féin. Ach nuair a fuair na Seapánaigh an lámh in uachtar ar na Briotanaigh sa bhliain 1942 d’imir mílístí Burmacha (i.e. neamh-Mhuslamacha) sa Racáin díoltas ar na hIndiaigh, rud a thug ar na mílte díobh siúd an India (mar a bhí sí ag an am) a bhaint amach.



Stát na Racáine (dearg)
Wikimedia Commons

Thug na Briotanaigh airm do shaorálaithe de chuid na Rohingya chun go rachaidís ag troid leis na Seapánaigh, ach is minic a thug na trodairí sin ruathar ar shráidbhailte Burmach, ar mhainistreacha agus ar phagódaí. Ar an taobh eile, bhí mílístí Burmacha ann a d’ionsaigh na Rohingya agus atá beo go fóill. Tháinig trodairí de chuid na Rohingya ar ais leis na Briotanaigh nuair a rinne siad siúd an Racáin a athghabháil ach cuireadh faoi chois iad ina dhiaidh sin.

Nuair a bhain Burma neamhspleáchas amach sa bhliain 1948 bhí drogall ar chuid de na Rohingya dul isteach sa stát nua. D’éirigh siad amach agus fonn orthu cuid den Phacastáin (stát nuabhunaithe) a dhéanamh de thuaisceart na Racáine. Chuir fórsaí Burmacha an cheannairc sin faoi chois.

Mar a deir an taighdeoir Lee Jones²:

Given the experiences under British colonialism, it is not surprising that, from the outset, popular Burmese nationalism has had a strongly racist flavour, directed in part against those branded *kalar* — dark-skinned “interlopers” from the Indian subcontinent. The central objective of Burma’s post-independence government was the Burmanisation of the foreign-dominated economy.

Chuidigh na Briotanaigh le tús áite a thabhairt don Bhúdachas sa náisiúnachas Burmach toisc nach gcomhlíonaidís dualgais thraidisiúnta rialtóra agus gur lig scód le misinéirí Críostaí. Mhúscaíl seo inní mhór sna

² Léachtóir sa Pholaitíocht Idirnáisiúnta i Scoil na Polaitíochta agus an Chaidrimh Idirnáisiúnta i Londain.

Búdaithe. Níor glacadh leis na Rohingya mar phobal eitneach nuair a bhain Burma neamhspleáchas amach, agus sa bhliain 1977, nuair a bhí daonáireamh le bheith ann, ruaigeadh timpeall 200,000 Rohingya isteach sa Bhanglaidéis. Bhí baint mhór ag na Rohingya leis an ngluaiseacht ar son an daonlathais sna 1980í ach imríodh ansmacht arís orthu agus sa bhliain 1992 thug timpeall 250,000 duine acu an Bhanglaidéis orthu féin.

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil an Racáin ar na ceantair is boichte sa tír. Is dóigh leis na hAracánaigh go bhfuil fabhraíocht i gceist agus an oiread sin airde ag gníomhaireachtaí an Iarthair ar chás na Rohingya seachas orthu féin. Iad féin atá thíos leis, dar leo, agus iomaíocht chomh géar sin idir an dá phobal. Mar a deir Lee arís: 'It is hardly surprising that these extraordinarily grim conditions have spawned violence among both communities'. Is léir anois go bhfuil polaiteoirí agus manaigh pholaitiúla sa phobal Búdaióch atá sásta leas a bhaint as an bhfaltanas agus iad ag tarraingt uisce chun a muilinn féin.

I ndáiríre, níl ach timpeall 3% de phobal Mhaenmar ina Muslamaigh. Ach creideann a lán Búdaithe a mhalairt de dheasca drochoideachais agus blianta fada de bholscaireacht, agus taobhaíonn siad leis an leithcheal a dhéantar ar na Rohingya. Fiú dá mbeadh fonn ar Aung San Suu Kyi ceart a éileamh do na Rohingya (agus b'fhéidir nach bhfuil), ba dheacair di é a dhéanamh.

Féach

Lee Jones: 'A better political economy of the Rohingya crisis,' 26 Meán Fomhair 2017:

<http://www.newmandala.org/better-political-economy-rohingya-crisis/>

Tuarascáil le Amnesty: <https://www.amnesty.org/en/countries/asia-and-the-pacific/myanmar/report-myanmar/>

Tuarascáil le Amnesty: <file:///C:/Users/AnneH/Downloads/ASA1674842017ENGLISH.PDF>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .